C/2023/1265

28.11.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11330 — ENGIE / EFS / Idesamgar)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/1265)

1. An 20 Samhain 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— ENGIE Energy Services International, S.A. ('ENGIE', an Fhrainc),

— EFS Global Energy B.V. ('EFS', an Ísiltír), ar fochuideachta é de General Electric Company ('GE', SAM),

— Idesamgar SL ('Idesamgar', an Spáinn), arna rialú ag Cierzo Spain Wind, S.L.U. ('Mirova', an Spáinn) agus GE (SAM).

Gheobhaidh ENGIE agus EFS rialú comhpháirteach ar Idesamgar de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa domhanda é ENGIE atá gníomhach i bhfuinneamh, i ngás agus i seirbhísí ísealcharbóin,

— Is cuid de GE é EFS ar cuideachta déantúsaíochta, teicneolaíochta agus seirbhísí domhanda éagsúlaithe é,

— Tá Idesamgar gníomhach i réimse na bhfeirmeacha gaoithe sa Spáinn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11330 — ENGIE / EFS / IDESAMGAR

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

an Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/An Bhruiséil
AN BHEILG/BELGIUM